

Nathan McDonnell (43) was arrested last month at his workplace, Ballyseedy Garden Centre

# Businessman charged over meth seizure is refused bail

## Father offered €100k savings

ANDREW PHELAN

A businessman charged over Ireland's biggest crystal meth haul has been refused bail by the High Court.

Former garden centre boss Nathan McDonnell (43) remained in custody yesterday after Ms Justice Karen O'Connor said there were no conditions that would allay fears he was a flight risk.

His father, Michael, had offered to put up his own "life savings" of €100,000 to secure bail, but the judge said this was "not a substantial amount" given the nature of the "sophisticated operation" allegedly behind the €32.8m drug seizure.

A bail application for co-accused James Leen is expected tomorrow.

The pair were arrested following the seizure of more than 500kg of methylamphetamine in a container at Cork port last month.

It is alleged the drugs were hidden in a recycling machine that had been imported from Mexico and stored at Mr McDonnell's garden centre before being transported to Cork, destined for export to Australia.

Mr McDonnell, of Ballyroe, Tralee, and Mr Leen, of Pilgrim Hill, Kilmorna, Listowel, both Co Kerry, are charged with possession of more than €13,000 worth of the drug for sale or supply.

The offence is alleged to have happened at Ballyseedy Garden Centre, Tralee, between October 27 last year and February 12 this year.

The judge said Mr McDonnell was presumed innocent, and she accepted that he had strong ties to the jurisdiction and community. However, she said it was an "extremely serious charge", with more expected, and it could be argued he was allegedly "caught red-handed".

The judge said the amount of drugs was significant and the proposed supporting evidence was strong. It was alleged Mr McDonnell had associated with people involved in organised crime, she said.

Of his father's willingness to offer €100,000 for bail, the judge said: "I do not for a moment doubt the integrity of Michael McDonnell and his belief in his son."

However, the judge said that "in the overall scheme of things", this was not a substantial amount given the nature of the operation behind the alleged offence, which "must have had available to it significant funds".

It was an alleged "sophisticated plan" with a transnational element and Nathan McDonnell's involvement was alleged to have been at an "active level".

The maximum penalty for the charge was life imprisonment, and Mr McDonnell "would appear to be facing a substantial sentence" if convicted.

During last week's bail hearing, Detective Sergeant Ernie Henderson said customs officers examined a container in Cork port on February 15 and found a "purported" electro-magnetic separating machine. In a "sophisticated concealment area" of the machine, 543kg of crystal meth was found, he said.

The following day, gardaí arrested Mr McDonnell at Ballyseedy Garden Centre. The prosecution would allege he received, stored and dispatched the machine from his business and was to get €150,000 for his part in the operation.

Mr McDonnell and Mr Leen are due to appear in Tralee District Court again today.

# Husband of Tina Satchwell set to face murder trial

RALPH RIEGEL

A truck driver charged with the murder of his wife, whose body was found buried beneath the stairwell of their Co Cork home, has been returned for trial to the Central Criminal Court.

Richard Satchwell (57) is charged with the murder of his wife, Tina (45), whose body was unearthed last year following a week-long garda excavation.

Ms Satchwell was reported missing in March 2017.

Mr Satchwell was charged with his wife's murder three days after her body was found.

Judge Brian O'Shea at Clonmel District Court was told yesterday by Sergeant Tom O'Brien that the book of evidence in the case had been formally served on Mr Satchwell and his defence legal team.

Judge O'Shea had warned two weeks ago that if the book of evidence was not ready for service on the defence by yesterday, the State ran the risk of the matter being struck out. Judge O'Shea formally remanded the defendant for trial.

The judge confirmed free legal aid.

He remanded Mr Satchwell in custody to appear before the next sessions of the Central Criminal Court at the Criminal Courts of Justice in Dublin.

An Bord Pleanála

**Roads Acts 1993 to 2015**
**Planning and Development Acts 2000 to 2022**

**ABP-314610-22**

**Notice of a decision by An Bord Pleanála in relation to the proposed Ballymun/Finglas to City Centre Core Bus Corridor Scheme, all in the County of Dublin and the jurisdiction of Fingal County Council and Dublin City Council.**

An Bord Pleanála has, on the 12th March, 2024 in exercise of the powers vested in it by section 51 of the Roads Act, 1993, as amended, made an order to approve subject to conditions the proposed road development as submitted by the National Transport Authority.

**The conditions of the Board's decision are summarised as follows:**

1. The proposed development shall be carried out and completed in accordance with the plans and particulars lodged with the application, except as may otherwise be required in order to comply with the following conditions.
2. (a) All mitigation, environmental commitments and monitoring measures identified in the Environmental Impact Assessment Report shall be implemented in full as part of the proposed development.
(b) All mitigation and environmental commitments identified in the Natura Impact Statement shall be implemented in full as part of the proposed development.
3. In accordance with the Environmental Impact Assessment Report, a suitably experienced and qualified ecologist will be appointed by the contractor.
4. Prior to the commencement of works the contractor shall install a plastic chute with internal corrugations or ladder on the downstream face of the 5th Lock Gate.
5. A new loading bay shall be provided along Church Street (east side), south of Mary's Lane within a portion of the area currently allocated to on street parking, to replace the existing loading bay on Church Street (west side), south of Mary's Lane, which is to be removed.
6. The developer shall submit a Construction Traffic Management Plan (CTMP) and a Construction Stage Mobility Management Plan (CSMMP) for the construction phase of the development for the written agreement of the planning authority.
7. The location and duration of use of the proposed construction compound at Catherine Lane North (shown as temporary land acquisition on General Arrangement Drawing Sheet 17 of 37) shall be agreed with Dublin City Council and the use of this compound shall not conflict or impede the delivery of consented housing at this location.
8. All works to Protected Structures, and Structures of Cultural heritage interest shall be monitored and recorded by an Architectural Conservation Specialist.
9. Noise monitoring shall be carried out during the construction phase of the proposed road development by the developer.
10. Drainage arrangements, including the attenuation and disposal of surface water, shall comply with the requirements of the relevant planning authority.
11. Any new or improved surface water outfalls shall be constructed in a manner which protects riparian habitat and does not result in excessive erosion of such habitat.
12. The developer shall prepare, in consultation with the relevant statutory agencies, an updated Construction Environmental Management Plan (CEMP), incorporating all mitigation measures indicated in the Natura Impact Statement and Environmental Impact Assessment Report and a demonstration of proposals to adhere to best practice and protocols.
13. The developer shall monitor queuing time / delays at each works location and record traffic flows on the local road network.
14. Prior to the replacement of trees, hedging and planting which is to be removed the National Transport Authority shall liaise with the relevant landowner with regard to the species, size and location of all replacement vegetation. The National Transport Authority shall also employ the services of an appropriately qualitied arboriculturist and Landscape Architect.
15. Tree protection measures for all existing trees shall be put in place prior to the commencement of development or phases of development.
16. All details of soft landscaping shall be submitted to the planning authority prior to implementation.
17. Comprehensive details of the proposed public lighting system to serve the proposed scheme shall be submitted to and agreed in writing with the planning authority, prior to commencement of development.
18. The developer shall facilitate the preservation, recording and protection of archaeological materials or features that may exist within the site.
19. The applicant shall submit an Invasive Species Management Plan to the planning authority, which includes details of a pre-construction survey to be carried out.
20. (a) Trees to be felled shall be examined prior to felling and demolition to determine the presence of bat roosts.
(b) No ground clearance shall be undertaken and no vegetation shall be cleared from the 1st day of March to 31st day of August, unless otherwise agreed with the planning authority.

The full text of the Board's decision, including conditions, can be viewed on the Board's website at https://www.pleanala.ie/en-ie/case/314610. A copy of the Board's decision and the EIAR is available for inspection at the offices of the National Transport Authority during office hours on working days for a period of 8 weeks beginning on the date of publication of this notice.

A person may question the validity of a decision by the Board by way of an application for judicial review, under Order 84 of the Rules of the Superior Courts (S.I. No. 15 of 1986), in accordance with section 50 of the Planning and Development Act, 2000, as amended.

Practical information on the review mechanism can be accessed under the heading Legal Notices – Judicial Review Notice on the Board's website www.pleanala.ie or on the Citizens Information Service website www.citizensinformation.ie

**Date of publication: 27/03/2024**

# Go Baile Átha Cliath leis an dá chorn 2024



**Ceiliúradh:** Foireann Coláiste Pobail, Caisleán Cnucha, BÁC, a bhain Chraobh na hÉireann Sinsear PICTIÚIR: SEÁN Ó MAINNÍN



**Áthas:** Foireann Scoil Ráth an Dúin, Gleann na gCaorach, BÁC, buaiteoirí Chraobh na hÉireann Sóisear, lena múinteoir Catherine O'Sullivan

Is cinnte go raibh tuairimíocht láidir, dúshláin á gcur ar lucht an fhreasúra agus paiseantacht ag na cainteoirí óga a thug chun ardáin ag Craobh Díospóireachta An Phiarsaigh 2024. Bhí an seomra lán go béal le lucht tacaíochta ag teacht as gach cearn den tír.

Tá Comórtas Díospóireachta An Phiarsaigh á reáchtáil ag Gael Linn d'iar-bhunscoileanna nach ndéantar an teagasc iontu trí Ghaeilge, agus bhí breis agus 80 foireann páirteach ann ó thús na scoilbhliana seo.



**Spreagúil:** Nabeeha Malik, Meánscoil Rosemont, BÁC

Sa chraobh shóisearach, ghlac foirne ó Choláiste Belvedere, Baile Átha Cliath; Scoil Ráth an Dúin, Gleann na gCaorach; Scoil Pháirc Sandford, Raghnallach agus Coláiste Pobail Átha Luain, Baile Átha Luain páirt i ndíospóireacht den chéad scoth.

Phléigh na foirne an rún 'Bheadh sé ar leas na tíre dá mbeadh caoga faoin gcéad den chéad Dáil eile ina mná'.

Sa chraobh shinsearach, bhí daltaí as Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha, Caisleán Cnucha; Scoil Áine Naofa, Baile Thiobraid Árainn; Scoil Mhuire Clochar na Trócaire, Baile Átha Troim agus Meánscoil Rosemont, Áth an Ghainimh i mbun díospóireachta. An rún a bhí faoi chaibidil acu ná 'Tá an ceart acu siúd atá ag diúltú ceadúnas teilifíse a cheannach'.

Painéal de chúigear moltóirí a bhí ann ar an oíche: Fergus Ó Conghaile, Áine Ní Ghlinn, Antóin Delap, Áine Hensey agus Féilim Mac Donnchadha agus tar éis díospóireacht eatarthu féin roghnaíodh Grace Ní Chatháin, Olivia Ní Chonchúir agus Iseult Ní Shamhráin as Scoil Ráth an Dúin, Gleann na gCaorach, mar bhuaiteoirí ar Chraobh na Sóisear. Labhair siad i gcoinne an rúin.

Foireann Choláiste Pobail Chaisleán Cnucha, Caisleán Cnucha a thug leo an phríomhdhuais i gCraobh na Sinsear le Mya McElhinney, Saoirse Nic Sheoin agus Liadán Mulligan ag caint i bhfabhar an rúin. Mhol na moltóirí cainteoirí na hoíche go hard na spéire as a dteacht i láthair, a saibhreas cainte agus as an phaiseantacht a bhain lena dtuairimíocht. Dea-shampla de gach rud a theastaíonn i ndíospóireacht!

Is é Seán Ó Ceallaigh, iar-bhainisteoir Roinn na Scéimeanna Gael Linn, a bhí ina fhear tí ar an ócáid. Chuir sé na foirne uile in aithne agus thug sé cuireadh speisialta don aoichainteoir, Rónán Mac Con Iomaire, Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí, Pobail agus Pleanála Teanga, Údarás na Gaeltachta, teacht chun an ardáin.

Labhair Rónán faoina thaithí ag obair leis an teanga agus faoi na deiseanna a fuair sé mar gheall ar an teanga. Mhol Rónán na cainteoirí uile as sár-dhíospóireachtaí a chur roimh na moltóirí agus mhol sé na "múinteoirí agus na tuismitheoirí" as an obair chrua a chuir siadsan isteach ó thús an chomórtais.

Dúirt sé: "Ceann de na rudaí móra a sheas dom agus mé ag éirí aníos ná go raibh deis agamsa páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí Gael Linn agus ní féidir liom dóthain béime a chur ar cé chomh luachmhar agus atá sé sin agus an méid a bhain mé féin as."

Bronnadh buanchorn agus dearbháin dar luach €1,000 ar an fhoireann bhuacach sa dá roinn den chomórtas, agus bronnadh dearbháin dar luach €250 an fhoireann ar na foirne eile a bhí rannpháirteach san ócáid.



**Ar stáitse:** Tomás Mac Cuaig, Coláiste Belvedere le linn Chraobh na Sóisear

An Bord Pleanála

## Achtanna na mBóithre 1993 go 2015
## Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2022

### ABP-314610-22

**Fógra faoi chinneadh de chuid an Bhoird Phleanála maidir le Scéim Chroí-Lána Bus Bhaile Munna/Fionnghlas go Lár na Cathrach, iad araon i gContae Bhaile Átha Cliath agus i ndlínse Chomhairle Contae Fhine Gall agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.**

Rinne an Bord Pleanála ordú, an 12 Bealtaine, 2024, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí atá dílsithe dó le halt 51 d'Acht na mBóithre, 1993, chun an bóthar beartaithe mar a chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair isteach é, a cheadú faoi réir coinníollacha.

**Seo achoimre ar choinníollacha chinneadh an Bhoird:**

1. Déanfar agus críochnófar an fhorbairt bóthair de réir na bpleananna agus na sonraí a taisceadh leis an iarratas, ach amháin nuair is gá a mhalairt chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.
2. (a) Déanfar gach beart maolaithe, gealltanas comhshaoil agus beart monatóireachta a shainaithnítear sa Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta a chur i bhfeidhm go hiomlán mar chuid den fhorbairt a bheartaítear.
   (b) Cuirfear i bhfeidhm go hiomlán gach gealltanas maolaithe agus comhshaoil a shainaithnítear sa Ráiteas Tionchair Natura mar chuid den fhorbairt a bheartaítear.
3. I gcomhréir leis an Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta, ceapfaidh an conraitheoir éiceolaí a bhfuil taithí chuí aige nó aici.
4. Sula gcuirfear tús leis na hoibreacha, déanfaidh an conraitheoir sleamhnán plaisteach le corróga inmheánacha nó dréimire a shuiteáil ar aghaidh le sruth an 5ú Geata Loic.
5. Cuirfear bá lódála nua ar fáil feadh Shráid na hEaglaise (an taobh thoir), ó dheas de Lána Mhuire laistigh de chuid den limistéar atá curtha i leataobh le faoi láthair do pháirceáil sráide, in ionad an bhá lódála reatha ar Shráid na hEaglaise (an taobh thiar), ó dheas de Lána Mhuire, atá le baint.
6. Soláthróidh an forbróir Plean Bainistíochta Trácht Tógála (CTMP) agus Plean Bainistíochta Soghluaisteachta Céim Thógála (CSMMP) isteach le haghaidh chéim thógála na forbartha le haghaidh comhaontú scríofa an údaráis phleanála.
7. Comhaontófar suíomh agus fad úsáide an bhabhúin tógála atá beartaithe ag Lána Caitríona Thuaidh (léirithe mar éadáil talún sealadach ar Bhileog Líníochta Socraithe Ginearálta 17 de 37) le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ní bheidh úsáid an bhábhúin seo ag teacht salach ar ná ina bhac ar sheachadadh na tithíochta ceadaithe ag an láthair seo.
8. Déanfaidh Speisialtóir Caomhnaithe Ailtireachta monatóireacht agus taifead ar gach oibreacha ar Dhéanmhais Chosanta agus ar Struchtúir is Díol spéise don Oidhreacht Chultúrtha.
9. Déanfaidh an forbróir monatóireacht ar thorann le linn chéim tógála na forbartha bóthair atá beartaithe.
10. Comhlíonfaidh socruithe draenála, lena n-áirítear caolú agus diúscairt uisce dromchla, ceanglais an údaráis phleanála ábhartha.
11. Tógfar aon éaluithe uisce dromchla nua nó feabhsaithe ar bhealach a chosnaíonn gnáthóg bhruachánach agus nach gcruthóidh ró-chreimeadh ar ghnáthóg den sórt sin.
12. Sula gcuirfear tús leis an bhforbairt, ullmhóidh an forbróir, agus/nó aon ghníomhaire a ghníomhaíonn ar a shon, i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha, Plean Bainistíochta Tógála Comhshaoil (CEMP) nuashonraithe, ina n-ionchorprófar na bearta maolaithe go léir a shonraítear sa Ráiteas Tionchair Natura agus sa Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta agus léiriú ar mholtaí chun cloí le sárchleachtas agus prótacail.
13. Déanfaidh an forbróir monatóireacht ar am scuaine / moilleanna ag gach láthair oibreacha agus taifeadfaidh sé sreafaí tráchta ar an ngréasán bóithre áitiúla.
14. Sula n-athshocraítear crainn, fálta agus plandú atá le baint, beidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair i dteagmháil leis an úinéir talún ábhartha maidir le speicis, méid agus suíomh gach fásra athsholáthair. Fostóidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair freisin seirbhísí crannadóra agus Ailtire Tírdhreacha atá cáilithe go cuí.
15. Cuirfear bearta cosanta crann i bhfeidhm do gach crann atá ann cheana féin roimh thús na forbartha nó na gcéimeanna forbartha.
16. Cuirfear gach mionsonraí faoi thírdhreachú bog faoi bhráid an údaráis phleanála sula gcuirfear i bhfeidhm é.
17. Cuirfear sonraí an chórais soilsithe poiblí atá beartaithe chun freastal ar an scéim bheartaithe isteach agus comhaontófar iad i scríbhinn leis an údarás pleanála, sula gcuirfear tús leis an bhforbairt.
18. Éascóidh an forbróir caomhnú, taifeadadh, cosaint aon ghnéithe nó ábhair sheandálaíochta a d'fhéadfadh a bheith laistigh den láithreán.
19. Cuirfidh an forbróir Plean Bainistíochta Speicis Ionracha faoi bhráid an údaráis phleanála, ina mbeidh sonraí de shuirbhé réamhthógála atá le déanamh.
20. (a) Scrúdófar na crainn atá le leagan roimh leagan agus scartáil le fáil amach an bhfuil faraí ialtóg ann.
   (b) Ní dhéanfar aon ghlanadh talún agus ní ghlanfar aon fhásra idir an 1ú lá Márta agus an 31ú lá Lúnasa, mura gcomhaontófar a mhalairt leis an údarás pleanála.

Is féidir téacs iomlán chinneadh an Bhoird, lena n-áirítear coinníollacha, a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin an Bhoird ag https://www.pleanala.ie/en-ie/case/314610. Beidh cóip de chinneadh an Bhoird agus an EIAR ar fáil lena scrúdú ag oifigí an Údaráis Náisiúnta Iompair le linn uaireanta oifige ar laethanta oibre ar feadh tréimhse 8 seachtaine ag tosú ar dháta foilsithe an fhógra seo.

Féadfaidh duine ar bith ceist a chur faoina bhailí atá cinneadh de chuid an Bhoird i bhfoirm athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na Cúirte Uachtaraí (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe).

Gheofar eolas praiticiúil ar mhodh an athbhreithnithe faoin gceannteideal Fógraí Dlíthiúla – Fógra faoi Athbhreithniú Breithiúnach ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie nó ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Eolais do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie

**Dáta an fhoilsithe: 27/03/2024**